# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2020

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2020**

**(Marcanna Iomlána: 300)**

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| H1: | 270 - 300 |
| H2: | 240 - 269 |
| H3: | 210 - 239 |
| H4: | 180 - 209 |
| H5: | 150 - 179 |
| H6: | 120 - 149 |
| H7: | 90 - 119 |
| H8: | 0 - 89 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

Tá eolas **<u>a bhfuil líne faoi</u>** riachtanach chun marcanna a bhaint amach.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA (80 MARC)**

**Ní mór na freagraí uile a scríobh i nGaeilge. I gcás go bhfuil freagraí i Spáinnis: bronn leathmharcanna.**

**1. Anuncio - LA REVISTA 'HOLA' CELEBRA SU 75 ANIVERSARIO**

**(1+1+1) + (1+1+1) + (2+2) mharc = 10 marc**

**(a)** **Trí cinn** díobh seo: Teaghlaigh ríoga/réaltaí scannáin/amhránaithe/mainicíní **(1+1+1m)**

**(b)** **Trí cinn díobh** seo**:** físeáin/cainteanna/seónna faisin/clár faisnéise **(1+1+1m)**

**(c)** **Cé?:** Lánúin nua-phósta
**Cá háit?:** Seomra suí / a dteach i mBarcelona **(2+2m)**

**2. Diálogo - ENTREVISTA CON ANA BOTÍN, LA BANQUERA ESPAÑOLA**

**3 + 3 +4 + (2+2) mharc = 14 mharc**

**(a)** An bhean is cumhachtaí ar domhan **(3m)**

**(b)** Is í an cúigiú glúin ina teaghlach [2m] a bhfuil an post seo acu [1m] **(3m)**

**(c)** Chun a thuiscint níos fearr na rudaí a gcuireann daoine óga spéis iontu agus a chuireann imní orthu **(4m)**

**(d)** Rinne sí clár a thaifeadadh faoi na héifeachtaí a bhaineann leis;
[d'fhéach sí ar chlár faoi na héifeachtaí a bhaineann leis =1m]
d'fhreastail sí ar an gCruinniú Mullaigh (Domhanda) ar an Aeráid (i Maidrid mí na Nollag seo caite) **(2+2m)**

**3. Diálogo - HABLANDO CON EL CIRUJANO, PEDRO CAVADAS**

**(2+1) + (3) + (2+1) + (2+2) marc = 13 mharc**

**(a)** Atógáil [1m] agus trasphlanduithe [1m] cos/ lámh/ cos/ méara/ méara coise **(2+1m)**

**(b)** Oibriú saor in aisce mar bíonn cúram (leighis) an-chostasach ansin **(3m)**

**(c)** tagann 99% óna obair (laethúil) san ospidéal i Valencia [An Spáinn];
tugann/bronnann daoine airgead **(2+1m)**

**(d)** D'éirigh leis [1m] le cásanna thar a bheith deacair;
rinne sé an chéad thrasphlandú aghaidhe (sa Spáinn) **(2+2m)**

**4. Descriptivo - LOS PERROS DE LA GUARDIA CIVIL Y LA POLICÍA TAMBIÉN SE JUBILAN**

**(1+1+1) + (1+1+1) + (1+1) + (2 +1) marc = 11 mharc**

**(a)** Pléascáin a aimsiú; daoine a tharrtháil; drugaí a chuardach **(1+1+1m)**

**(b)** Ceistneoir a líonadh isteach; agallamh a dhéanamh;
cuairteanna ar a dteach a cheadú **(1+1+1m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo: an-mhaith/umhal/geanúil **(1+1m)**

**(d)** Níl taithí acu ar shaol teaghlaigh; ach (seachas sin) saol ina mbíonn go leor gníomhaíochta fisicí **(2+1m)**
[2m don chéad fhreagra ceart]

**5. Descriptivo - ENSEÑANDO INGLÉS EN ESPAÑA**

**(2+1) + (2+2) + (1+1) + (2 + 2) mharc** = **13 mharc**

**(a)** Mothaíonn go leor (Spáinneach) gur gá dóibh a gcuid Béarla a fheabhsú [2m]
chun go mbeidh níos mó deiseanna poist acu [1m] **(2+1m)**

**(b)** Cáilíocht aitheanta;
[céim = 2m]
lena thuiscint conas a oibríonn an teanga; **(2+2m)**
[chun an teanga a thuiscint =1m]

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo: turasóireacht/leigheas/dlí **(1+1m)**

**(d)** do phróifíl a fhoilsiú ar líne;
fógra a chur in ollmhargaí/i gcaiféanna/in ollscoileanna **(2+2m)**
[ionaid nó áiteanna astu féin = 1m]

**6. EL TIEMPO**

**(1+1+1) + (1+1+1) + (1+1) marc = 8 marc**

**(a)** Gaotha (láidre) agus báisteach (an-trom) agus tuilte mar thoradh uirthi **(1+1+1m)**

**(b)** Scamallach (spéartha); (agus seans go mbeidh) ceo (trom) sa Tuaisceart **(1+1+1m)**

**(c)** Is airde.: 30 Is ísle: 23 **(1+1m)**

**7. Una Noticia - SIERRA NEVADA – TIERRA DE SOL Y NIEVE**

**(1+2) + (2+1) + (1+1) + (1+1+1) marc = 11 mharc**

**(a)** (Ceann de) na séasúir is faide san Eoraip; [ceann is mó = 0m]
maireann ó (dheireadh) mhí na Samhna go dtí (tús mhí na) Bealtaine **(1+2m)**

**(b)** (i) bíonn an méid is mó laethanta gréine aige san Eoraip (ii) ar bheagán costais **(2+1m)**

**(c)** Is féidir sciáil san oíche, ag brath ar an aimsir **(1+1m)**

**(d)** **Trí cinn** díobh seo: seaicéad/scairf/spéaclaí gréine/culaith snámha **(1+1+1m)**

**10+14+13+11+13+8+11 =80 marc**

**ROINN A (70 MARC)**

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

**1. (a) Litríocht dualgais – *Sin noticias de Gurb*** **(50 marc)**

**C. 1** **3 x 3 mharc = 9 marc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis ní bhronnfar aon mharcanna.]**

**(a)** *cargada* **(3m)**
**(b)** *responde* **(3m)**
**(c)** *ocasionales* **(3m)**

**C. 2** **3 x 3 mharc = 9 marc**

**(a)** An t-airíoch ag scuabadh an bhealaigh isteach **(3m)**
**(b)** <u>ach</u> nach mbíonn sí i láthair...... **(3m)**
**(c)** ónar scar sí... **(3m)**

**C.3** **4m + 3m + 3m = 10 marc** [An chéad fhreagra ceart = 4m]
**Trí cinn** ar bith díobh seo:

- Aimsir
- Trácht
- Torann
- Praghsanna arda
- Óige
- Drugaí
- Pionós an bháis
- Comharsana
- Dúlra **(4+3+3 mharc)**

**C.4** **4m + 3m + 3m = 10 marc** [An chéad fhreagra ceart = 4m]
**Trí cinn** ar bith díobh seo:

- duine maith
- íocann (an táille seirbhíse) <u>in am</u>
- ní théann chuig cruinnithe na comharsanachta
- singil / níl pósta
- pósta roimhe sin
- tá páiste aici
- scartha **(4+3+3 mharc)**

**C. 5** **3m + 3m +3m + 3m = 12 mharc le haghaidh ceithre phointe ábhartha ar bith**
**[Ní thugtar marcanna le haghaidh freagraí le tacaíocht ó thagairt don sliocht.]** **(12m)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta GLOVO (50 marc)**

**C. 1 4 + 4 + (2+1+1m) + 4 + (2+2m) = 20 marc**

**(a) Ceann amháin** díobh seo:

- Ordaigh rud ar bith a theastaíonn uait, agus gheobhaidh tú i do theach nó i d'oifig taobh istigh de roinnt nóiméad
- Leis an aip is féidir leat an tsiopadóireacht a dhéanamh gan imeacht ó do theach agus déanfaidh daoine eile duit í **(4m)**

**(b)** Rinne sé nuachtáin agus buidéil bhainne a sheachadadh [3m] agus bhí sé ina mharcach [1m] **(4m)**

**(c) Trí cinn** díobh seo: [An chéad fhreagra ceart = 2m]

- mór
- nuálach
- cosmapolaiteach
- díreach sna cathracha sin amháin ina bhfuil cónaí ar níos mó ná 500,000 duine
- líon mór mílaoiseach **(2+1+1m)**

**(d)** Ní hamháin go dtógfaidh sé bia duit ach tógfaidh sé réimse rudaí eile freisin **(4m)**

**(e)** Bíonn sé éagsúil; ní bhíonn sí ag obair ach ar feadh na n-uaireanta a bhíonn ag teastáil uaithi **(2+2m)**

**C. 2 3 x 4 mharc = 12 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar amach focail ní bhronnfar aon mharcanna]**

**(a)** *mitad* **(4m)**
**(b)** *aún quedan* **(4m)**
**(c)** *estadísticas* **(4m)**

**Q. 3 3 × 4 mharc= 12 mharc**

**(a)** … a chuideachta féin a bhunú **(4m)**

**(b)** … custaiméir/úsáideoir atá cleachta leis an gcineál seo seirbhíse **(4m)**

**(c)**... ag iompar/ ag caitheamh an ghnáthmhála droma buí... **(4m)**
[tuairim éigin de 'ghnáth-, mar is gnách, mar is dual' ag teastáil]

**C.4 (6 mharc)**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh ar an gceist seo. **Ní bhronntar marcanna le haghaidh freagraí i nGaeilge.**]

**2.** **(a)** agus **(b) (2+2) + (3 + 3) + (1 +1+1) + (1 +1+1) + 4= 20 marc**

**(a) EL SURF DE REMO** **(10 marc)**

**(i)** Daoine de gach aois [2m] lena n-áirítear páistí agus daoine scothaosta [2m] **(2+2m)**

**(ii)** **Dhá cheann** díobh seo a leanas:
- Níos mó ná 200 rannpháirtí (as gach cearn den Spáinn)
- amaitéaraigh
- scothleibhéal **(3+3m)**

**(b) OBJETOS PERDIDOS TENDRÁN NUEVOS DUEÑOS.** **(10 marc)**

**(i)** An pháirc, an leabharlann agus an t-ionad spóirt **(1+1+1m)**

**(ii)** **Trí cinn** díobh seo:
- Bróga reatha/bróga
- Scátaí
- Raicéid
- Rothair **(1+1+1m)**

**(iii)** Tairgfear rudaí do theaghlaigh atá ar an nganncuid **(4m)**

**ROINN B (100 MARC)**

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

**LA MODA RÁPIDA**

**C. 1 5 x 3 mharc = 15 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar amach focail ní bhronnfar aon mharcanna]**

**(a)** *quizás* **(3m)**
**(b)** *salario justo* **(3m)**
**(c)** *adquirió unos* **(3m)**
**(d)** *los estudiantes proponen* **(3m)**
**(e)** *planean establecer* **(3m)**

**C. 2 3 x 5 mharc = 15 mharc**

**(a)** ...níl a fhios againn/cuirimid ceist orainn féin faoin tionchar diúltach.... **(5m)**
**(b)** ...tá na méideanna uisce atá ag teastáil ollmhór.... **(5m)**
**(c)** ...rinne (siad) staidéar chun iniúchadh a dhéanamh... **(5m)**

**C. 3 5 x 1 mharc = 5 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar amach focail ní bhronnfar aon mharcanna]**

**(a)** *precio* **(1m)**
**(b)** *peligro* **(1m)**
**(c)** *por eso* **(1m)**
**(d)** *manera* **(1m)**
**(e)** *solucionan* **(1m)**

**C. 4 (2+2+1 mharc) + (2+2+1 mharc) + (5 mharc) = 15 mharc**
[In (a) agus (b) tá an chéad dá fhreagra ceart = 2+2m, tá an tríú freagra =1m]

**(a)**
- bíonn laethanta oibre fada acu
- ar phá íseal
- i gcoinníollacha mífholláine **(2+2+1m)**

**(b)**
- chun bealaí a aimsiú le feasacht a chruthú
- faoi úsáid an fhaisin ghasta
- agus a thionchar ar an bpláinéad **(2+2+1m)**

**(c)** **Ceann amháin** díobh seo:
- Níos lú a cheannach [2m], tá go leor éadaí againn go léir nach n-úsáidimid [2m]; ba cheart dúinn smaoineamh i gcónaí an bhfuil an léine/ an ball éadaigh sin uainn i ndáiríre [1m]
- Ceannach cliste [2m], brandaí ardchaighdeáin a mhaireann [3m]
- Ná caith éadaí sa bhosca bruscair [2m] díol iad [2m] nó athchúrsáil iad [1m]

**(5m)**

**ROINN B Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Ceist a Mharcáil. 5 (Ceist Nasctha)

## 1. ÁBHAR/CUMARSÁID 25 marc

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

## 2. TEANGA 25 marc

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmaid ghramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmaid litrithe/ghramadaí | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmaid litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair faoi deara:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar (i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharcanna do Theanga.**
**Ní bhronnfar aon mharcanna le haghaidh frásaí a thógtar go díreach ón alt.**

**ROINN C (50 MARC)**

**Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a) **agus** (b) de Cheist 1 **nó** Ceist 2 trí dhearmad, caithfear **an dá cheann** a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh **agus sin amháin.**
- Ba chóir neamhaird a dhéanamh de mhion-dearmaid (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht').
- Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.

Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht ní ghearrfar pionós faoi dhó as an earráid chéanna.
Ceist 1: Agus an Cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a) COMHRÁ A CHUMADH (30 marc)**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**

*NÓ*

**Ceist 1 (b) LITIR / R-PHOST (30 marc)**

- Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**
- Tabhair do d'aire gur chóir go mbeadh gach pointe *forbartha* agus *leathnaithe.*
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.
- Bítear ag súil leis an tsainréim cheart teanga don litir/r-phost.

| | |
|---|---|
| Critéir do Cheist **1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR** | |
| **IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar.)** | |
| **6 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta. (Pointe déanta agus forbartha go hiomlán don litir). Leibhéal maith sa stór focal. |
| **4 - 5 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **2 - 3 mharc:** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| **2 mharc:** | Le haghaidh aistriúchán ceart as féin ar phointe molta don litir. |
| **1 mharc:** | Cuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| **0 marc:** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **(20 marc)**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.
**(4 x 5m = 20 marc)**

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **(20 marc)**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5m = 20 marc)**
**[Ní gá pointí a fhorbairt]**

Critéir do Cheist **2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 20 MARC (Marcáiltear gach pointe ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Na briathra ceart |
| **4 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal<br>Na briathra ceart ar an iomlán |
| **3 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>D'fhéadfadh go mbeadh cuid mhór earráidí ann |
| **2 mharc** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Cuid den stór focal i gceart<br>Tá cuid mhór earráidí ann |
| **1 mharc** | Méid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl |
| **0 marc** | Níor cuireadh an teachtaireacht in iúl |

**AGUISÍN A hAON**

**SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE**

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht fhisiceach*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air/ agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh an litriú agus an ghramadach acu a tharscaoileadh, ní ghearrfar pionós i réimsí gramadaí áirithe. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Triail Chluastuisceana**
Is i nGaeilge a fhreagraítear an chuid seo den pháipéar agus, dá bhrí sin, níl aon treoracha speisialta i bhfeidhm mar ní ghearrtar pionós ar mhílitriú ná ar earráidí gramadaí sa scéim marcála chaighdeánach.

**Roinn A agus B**
Le haghaidh ceisteanna a fhreagraítear i Spáinnis, ní ghearrfar pionós as mílitriú ná as gnéithe áirithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

**Cuid B – Ceist 5**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as mílitriú, amhail aicinn atá ar iarraidh nó atá mícheart, ná as gnéithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

**Roinn C**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as mílitriú, amhail aicinn atá ar iarraidh nó atá mícheart, ná as gnéithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Leathanach Bán